Buntáiste Breise na Gaeilge!

Cora Droim Rúisc

Seimineár Eolais do
Dhaltaí Iar-Bhunscoile

Dé Máirt
11 Deireadh Fómhair 2011

CLÁR

09.20 Fáiltiú agus Clárú
10.00 Cur i láthair ó na hAoichainteoirí
11:05 Glacfaidh na hAoichainteoirí le ceisteanna ó dhaltaí scoile
11:45 Duaiseanna á bhronnadh / Bileoga Aiseolais
12:00 Am do na daltaí chun cuairt a thabhairt ar na seastáin
12:30 Críoch

Kevin De Barra, Cathaoirleach

Is as An Spidéal, i gConamara é Kevin De Barra. D'fhreastail sé ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh áit ar bhain sé Céim Tráchtála agus Máistreacht sa Mhargaíocht amach, chomh maith le Dioplóma sa Ghaeilge, agus Dioplóma i Staidéar an Aistriúcháin. Oibríonn Kevin mar Bhainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide Poiblí le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.

Mícheál Ó Domhnaill

Is fearr aithne ar Mhícheál mar láithreoir spóirt 'GAA Beo' ar TG4, ach freisin tá a chomhlacht léirithe féin aige Omedia Léiritheoirí Teilifíse, atá lonnaithe i Sligeach.

Déanann Omedia cláir teilifíse a léiriú, oibríonn siad freisin le cliaint phríobháideacha san earnáil chorparáideach. Dearann an comhlacht físeáin, a chraoltar ar an idirlíon. Is léiritheoir é Mícheál ar www.LiveTrad.com, an suíomh idirlíon ar a bheochraoltar ceol traidisiúnta ar fud an domhain.

Freda Nic Giolla Chatháin

Rugadh agus tógadh Freda gar do Bhaile Átha Luain i gCo. na hIarmhí. Bhain sí céim amach sa Nua-Ghaeilge agus sa Cheol i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, tá Ard-Dioplóma aici i Riarachán na nEalaíon ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus tá MA (Léann an Aistriúcháin) aici ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

Chaith Freda cúpla bliain ag obair le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Chaith sí tréimhse oiliúna san Aonad Cumarsáide de chuid an Ard-Stiúrthóireacht Oideachais agus Cultúir i gCoimisiún na hEorpa sa Bhruiséil.

Ba Oifigeach Forbartha Gaeilge í le Comhairle Contae Ros Comáin agus ba riarthóir í le Taibhdhearc na Gaillimhe. Tá roinnt teagaisc déanta aici ar na cúrsaí iarchéime san aistriúchán in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus déanann sí roinnt oibre leis an gcuideachta drámaíochta, Branar, agus oibríonn sí mar shaor-aistritheoir agus mar cheoltóir chomh maith.

Rossa Ó Snodaigh

Tógadh Rossa le Gaeilge i nDumhach Trá i mBaile Átha Cliath. D'fhreastail sé ar Scoil Lorcáin agus ar Choláiste Eoin, is ann a chur sé tús lena bhuíon ceoil Kíla atá ag seinm ceoil ó shin ar fud an domhain.

Ba bhall den choiste chun Raidió na Life a bhunú é agus chuir sé a chlár féin i láthair. Sula bhog sé go Liatroim reáchtaigh is bhunaigh sé Oíche Filíochta, Ciorcal Drumadóireachta Bhaile Átha Cliath, Cearnóg na gCainteoirí agus féile imeachtaí Gaeilge d'fhéile Naomh Pádraig i mBaile Átha Cliath.

Bhí sé i mbun feachtais chun Gaelscoil Chluainín a bhunú i gCo Liatroma. Bhunaigh sé Glór Chluainín, Ógras Chluainín, Grúpa Tuisí Páistí Chluainín agus is é a bhunaigh An Puball Gaeilge chun sár-shiamsaíocht i nGaeilge a chur i láthair ag féilte éagsúla ina measc an Electric Picnic.

Barbara Nic Dhonnacha

Is as Conamara i gCo. na Gaillimhe í Barbara agus fuair sí a cuid oideachais trí Ghaeilge. Bhain sí amach B.Sc. i Staidéar ar na Meáin le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU).

Fuair sí taithí trí bheith ag obair go deonach leis an stáisiún Raidió na Life. As sin, d'oibrigh sí le Taibhdhearc na Gaillimhe. Cuireann Barbara an clár Ar Éileamh i láthair anois ar iRadio.

Is minic a bhíonn Barbara freisin le feiceáil ar an gclár PONC XL ar TG4 ag labhairt ar nuacht ceoil agus ag cur bannaí ceoil i láthair.

Ciarán Mac an Bhaird

Is as Longfort dó Chiarán Mac an Bhaird. Is léachtóir le Gnó agus Bainistíocht in Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath é. Tá PhD bainte amach aige i gColáiste na Tríonóide chomh maith le B.Comm. agus céim L.L.B. ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus M.Sc. san airgeadas ó Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath.

Déanann Ciarán taighde ar ghnéithe ar nós struchtúr agus bainistíocht airgeadais i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide, fiontraíocht, forbairt réigiúnach, agus polasaithe tacaíochta forálacha do SMEs.

Anuraidh scríobh sé leabhar ar an ábhar seo, *Resourcing Small and Medium Sized Enterprises*, a sheol an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta.

Buntáiste Breise na Gaeilge ar Chamchuairt timpeall na tíre: